**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar nó mura gcuirtear, caillfear marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007**

# TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

# ROINN 1 – FILLTEÁN

**DÉ LUAIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 3.30**

**ROINN 1 (60 MARC)**
Caithfear tabhairt faoi **GACH** ceist.
Tá rogha agat *laistigh* de 3 cheist.
Déan deimhin de go gcuireann tú an fillteán seo ar ais le do fhreagarleabhar.
Mura gcuireann tú, caillfidh tú marcanna

**1. CARRAIGEACHA**

Roghnaigh **trí** théarma as an mbosca roghnachais chun na bearnaí a líonadh sa sliocht thíos.


**Bosca Roghnachais.**

| | | |
|---|---|---|
| **Carraig mheiteamorfach** | **Basalt** | **Gaineamhchloch** |
| **Carraig dhríodair** | **Grianchloichít** | **Aolchloch** |
| **Bruthcharraig** | **Marmar** | **Sceall** |

*"Tá mórán cineálacha éagsúla carraige in Éirinn. Orthu seo tá colúin* ____________________ *ar dhéanamh crutha rialta ar Chlochán na bhFomhórach i gContae Aontroma, agus Eibhear ildaite i Sléibhte Chill Mhantáin. Is* _______________________ *atá sa dá chineál carraige sin, is é sin le rá go ndearnadh iad as ábhar te bolcánach tráth dá raibh. Is é is mó atá i lár na hÉireann ná* __________________ *ina bhfaightear iontaisí d'ainmhithe mara ársa ó am go ham."*

**2. BOIRINN**

Taispeánann an léaráid gnéithe faoi thalamh i réigiún carst. Sna spásanna atá ann dóibh, ainmnigh na **trí** ghné aolchloiche a bhfuil na lipéid A, B agus C orthu sa léaráid.





A ______________________ B ______________________ C ______________________

**FREAGAIR 3A NÓ 3B**

## 3A. GNÉITHE DE CHREIMEADH OIGHIR

Scrúdaigh an léaráid, a thaispeánann gnéithe den oighearchreimeadh. Sa ghreille atá ann dóibh, meaitseáil **gach** ceann de na huimhreacha **1** go **4** i g**Colún X** leis an **Litir** is leathphéire di sa léaráid. Tá péire amháin déanta duit.





| Colún X | |
|---|---|
| 1 | Cirque \ Coire |
| 2 | Lochanna ribíneacha |
| 3 | Adharc |
| 4 | Gleann crochta |

| X | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | C |
| 4 | |

**NÓ**

## 3B. GNÉITHE DE CHREIMEADH NA FARRAIGE

Scrúdaigh an léaráid, a léiríonn gnéithe de chreimeadh na farraige. Sa ghreille atá ann dóibh, meaitseáil **gach** ceann de na huimhreacha **1** go **4** i g**Colún X** leis an **Litir** is leathphéire di sa léaráid. Tá péire amháin déanta duit.





| Colún X | |
|---|---|
| 1 | Stua Mara |
| 2 | Pluais Mhara |
| 3 | Staic Mhara |
| 4 | Aill Mhara |

| X | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | D |

FREAGAIR 4A NÓ 4B

## 4A. PATRÚIN NA nGAOTH AR AN DOMHAN

Scrúdaigh an léaráid, a thaispeánann brúchriosanna an domhain agus gluaiseachtaí aeir.




Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i **ngach** ceann de na ráitis seo a leanas:

*(i)* Tá *crios ardbhrú / lagbhrú* san ionad a bhfuil an lipéad **A** air.


*(ii)* Is iad na gaotha ag **B** ná *na fritrádghaotha aniar aneas / na trádghaotha anoir aduaidh*.


*(iii)* Tugtar *gaotha fuara / gaotha teo* ar na gaotha ag **C**.


**NÓ**

## 4B. AG TOMHAS NA hAIMSIRE

Sna spásanna atá ann dóibh, ainmnigh **gach** ceann de na huirlisí a bhfuil na lipéid ó A go C orthu sna léaráidí.




**A** ______________________ **B** ______________________ **C** ______________________


**FREAGAIR 5A NÓ 5B**

## 5A. FEIRMEOIREACHT

Taispeánann an tábla an t-achar talaimh a bhfuil barra difriúla curtha ann ar fheirm mheasctha in Éirinn.

Tá an t-eolas seo léirithe ar an bpíchairt thíos.
Scríobh ainmneacha na mbarr sna spásanna cearta chun an phíchairt a chomhlánú.

| **Barr** | Féar | Eorna | Prátaí | Tornapaí | Eile |
|---|---|---|---|---|---|
| **% d'achar talaimh faoi bharra difriúla** | 55 | 25 | 10 | 3 | 7 |





**NO**

## 5B. FEIRMEOIREACHT

Scrúdaigh an plean d'fheirm mheasctha in Éirinn.

**Plean d'Fheirm Mheasctha**




(a) Cé mhéad heicteár ar fad atá faoi bhuanfhéar ? ______________________

(b) Maidir leis na barra curadóireachta a thaispeántar, cé acu ceann díobh is fairsinge achar?

______________________

(c) Gluaiseann abhainn tríd an bhfeirm. Cén treo ina ngluaiseann sí? ________________

## 6. ATHRÚ AR AN DAONRA

Taispeánann tábla na bhfigiúirí rátaí beireatais, rátaí báis agus athruithe nádúrtha daonra i roinnt tíortha.

| | Ráta Beireatais* | Ráta Báis* | Athrú Nádúrtha* |
|---|---|---|---|
| **Tír A** | 8 | 10 | – 2 |
| **Tír B** | 39 | 19 | 20 |
| **Tír C** | 10 | 13 | |
| **Tír D** | | 8 | 0 |

* **In aghaidh gach míle duine**

*(i)* Ríomh an t-athrú nádúrtha i dTír **C**. ____________________________

*(ii)* Ríomh an ráta beireatais i dTír **D**. ____________________________

*(iii)* Cé acu ceann de na tíortha **A**-**D** ar tír de chuid an Tríú Domhan í atá ag forbairt ó thaobh na heacnamaíochta de?

______________________________________________

## 7. IMIRCE DAOINE

Baintear úsáid as na téarmaí "toisc bhrú", "toisc tharraingthe" agus "bacainn ar imirce" nuair a chuirtear síos ar imirce daoine. Roghnaigh focail as an mbosca roghnachais chun na spásanna a líonadh sna trí bhosca eile atá ar fáil.


**Bosca Roghnachais**


| | | |
|---|---|---|
| *Ardchostas taistil* | *Saol sóisialta bríomhar* | *Cogadh agus míshocracht* |
| *Fáil ar phoist mhaithe* | *Gorta* | *Dlíthe inimirce Rialtais* |

| **Toisc Bhrú** | **Toisc Tharraingthe** | **Bacainn ar imirce** |
|---|---|---|
| | | |

## 8. ASTÚCHÁIN GHÁIS SAN AONTAS EORPACH (AE)

Tugann na graif eolas faoi astúcháin $CO_2$ agus gás eile san Aontas Eorpach (AE).
Tagraíonn na ráitis don eolas a thugtar sna graif. Níl na ráitis ar fad fíor.




Is iad na ráitis atá fíor: *Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

**1.** Bhí sé mar sprioc ag an Aontas Eorpach na hastúcháin gháis a laghdú go dtí nialas faoin mbliain 2010.

**2.** Faoin mbliain 2004, bhí na hastúcháin a tharla níos airde ná an sprioc a leagadh síos.

**3.** Na hastúcháin a tharla, bhí siad ar an sprioc nó gar dó sa bhliain 2000.


**4.** Bhí méadú de 1.8 milliún tona ar astúcháin na hÉireann sa tréimhse 2003-2004.

**5.** Ag an Iodáil a bhí an méadú ba mhó ar na hastúcháin sa tréimhse 2003-2004.

**1, 2, 4** ☐ **2, 3, 4** ☐ **2, 3, 5** ☐ **3, 4, 5** ☐

## 9. ÁITEANNA SA DOMHAN

Scrúdaigh an léarscáil. Ansin, sna spásanna atá ann dóibh, scríobh isteach gach ceann díobh seo a leanas:




*(i)* Ainm an limistéir ghinearálta atá bhfuil dath buí air ar an léarscáil____________________

*(ii)* Ainm na tíre a bhfuil an lipéad A uirthi________________________________________

*(iii)* Ainm na tíre a bhfuil an lipéad B uirthi________________________________________

## 10. CÚNAMH IDIRNÁISIÚNTA

Sna boscaí atá ann dóibh, meaitseáil **gach** litir i **gColún X** leis an uimhir is leathphéire di i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.

| | Colún X |
|---|---|
| **A** | Cúnamh a thugann Rialtas na hÉireann do Rialtas na hAetóipe |
| **B** | Trócaire, Concern, Oxfam |
| **C** | Cúnamh a thugtar trí eagraíochtaí mar na Náisiúin Aontaithe |
| **D** | Míochaine (Leigheas), dídean agus bia |

| | Colún Y |
|---|---|
| **1** | Cúnamh Déthaobhach |
| **2** | Cúnamh Éigeandála |
| **3** | NGO |
| **4** | Cúnamh Iltaobhach |

| X | Y |
|---|---|
| **A** | 1 |
| **B** | |
| **C** | |
| **D** | |

**11. LONNAÍOCHT INNIU AGUS INNÉ**

Sna boscaí atá ann dóibh, meaitseáil **gach** litir i **gColún X** leis an uimhir is leathphéire di i **gColún Y.** Tá péire amháin déanta duit..

| Colún X | |
|---|---|
| **A** | Baile seantán |
| **B** | Crannóg |
| **C** | Poldar |
| **D** | Tamhlacht / An tSionainn |


| Colún Y | |
|---|---|
| **1** | Seanáitreabh locha |
| **2** | Baile Nua |
| **3** | Sluma |
| **4** | Talamh a tugadh chun míntíreachais |

| X | Y |
|---|---|
| **A** | 3 |
| **B** | |
| **C** | |
| **D** | |

**12. GLUAISEACHT TRÁCHTA ISTEACH AGUS AMACH AS LONNAÍOCHT IN ÉIRINN**

Taispeánann an barraghraf líon na bhfeithiclí a chuaigh isteach i lonnaíocht in Éirinn ar lá áirithe agus a d'fhág arís í. Comhlánaigh na barraghraif chun **gach** ceann de na blúirí eolais seo a leanas a thaispeáint:

- Chuaigh 60 feithicil isteach sa lonnaíocht idir na huaireanta 15.00 agus 16.00
- D'fhág 240 feithicil an lonnaíocht idir na huaireanta 17.00 agus 18.00
- Chuaigh 80 feithicil isteach sa lonnaíocht idir na huaireanta 18.00 agus 19.00



**13. GNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHA**

Cé acu grúpa díobh seo a leanas ar samplaí iad ar fad de dhaoine atá rannpháirteach i n**gníomhaíochtaí treasacha**?

*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

- Gruagaire; múinteoir; feirmeoir; tiománaí trucaile; dochtúir. ☐
- Sagart; popamhránaí; glantóir simléar; tiománaí tacsaí; múinteoir. ☐
- Tiománaí tacsaí; peileadóir gairmiúil; oibrí longcheárta; mianadóir; gníomhaire taistil. ☐
- Oibrí foraoise; siopadóir; meicneoir; aturnae; oibrí bácúis. ☐

**14. ACMHAINNÍ NÁDURTHA NEAMH-INATHNUAITE**

Sampla d'acmhainn nádúrtha **neamh-inathnuaite** is ea:

*Cuir tic (✓) sa bhosca cuí.*

- Uisce ☐
- Ola ☐
- Iasc ☐
- Foraoisí ☐

**15. UIRLISÍ AGUS MEAISÍNÍ A ÚSÁIDTEAR I bPORTAIGH NA hÉIREANN**


Ainmnigh na meaisíní agus an uirlis a gcuirtear síos orthu anseo thíos.

1. Meaisín, a bhfuil dealramh aige le hollscartaire, a úsáidtear anois chun dromchla na bportach a leibhéalú: ____________________.
2. Uirlis láimhe a d'úsáidtí fadó chun fóid mhóna a bhaint as portaigh: ______________________.
3. Meaisín a úsáidtear anois chun móin a scríobadh de dhromchla na bportach: ________________

## 16. TRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA

Tagraíonn an cartún do ghnéithe den trádáil idir tíortha cumhachtacha agus tíortha bochta. Scrúdaigh an cartún agus léigh na ráitis a bhaineann leis. Níl na ráitis ar fad fíor.

**Gnéithe den Trádáil Idirnáisiúnta**



1. Is beag a fhaigheann tíortha bochta as a gcuid easpórtálacha ach íocann siad go daor as a gcuid iompórtálacha.
2. Is mó a chuidíonn an trádáil idirnáisiúnta le tíortha cumhachtacha ach bíonn na tíortha bochta thíos leis.
3. Téann an trádáil idirnáisiúnta chun tairbhe tíortha cumhachtacha agus tíortha bochta araon mar an gcéanna.
4. Easpórtálann mórán tíortha bochta amhábhair agus iompórtálann siad táirgí monaraithe.

Is iad na ráitis atá fíor ná:

*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

1, 2, 4 ☐

1, 3, 4 ☐

1, 2, 3 ☐

2, 3, 4 ☐

**17. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Scrúdaigh an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a cuireadh ar fáil.

Scríobh ina chiliméadair chearnacha an t-achar a thaispeántar sa tsliochtléarscáil.

__________________

**18. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Scrúdaigh an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a cuireadh ar fáil.
Is é an patrún lonnaíochta a fhaightear feadh an R132 ag O 12 71 ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis ná:

*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart..*

| | |
|---|---|
| Cnuasta \ Cnuasaithe | ☐ |
| Líneach\ Ribíneach | ☐ |
| Scaipthe | ☐ |

**19. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Scrúdaigh an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a cuireadh ar fáil.
Sna boscaí atá ann dóibh, meaitseáil **gach** litir i **gColún X** leis an uimhir is leathphéire di i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.

| Colún X | |
|---|---|
| A | O 159 743 |
| B | O 071 773 |
| C | O 152 715 |
| D | O 092 780 |

| Colún Y | |
|---|---|
| 1 | Spotairde |
| 2 | Galfchúrsa |
| 3 | Gabhal Bóthair |
| 4 | Taiscumar |

| X | Y |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | |
| D | 3 |

**20. AERFÓTAGRAF AGUS SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf agus an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a cuireadh ar fáil.

Bain leas as léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis chun tagairt eangaí an droichid a thaispeántar sa chúlra ar dheis ar an bhfótagraf a thabhairt.____________________________________________